



**OIREACHTAS 2015
BÍ ANN!**

TAOBH ISTIGH:

Ceacht beag	2
Triúr sagart	2
Lá Idirnáisiúnta na Píobaireachta Uilleann	3
Scéal grinn	3
Comóradh Shochraid Uí Dhonnabháin Rosa	4
Tom Crean - Laoch an Mhoil Theas II	5
Teampall Artaimise ag Éifeasas	6
Máire Tudar	7
Ag fás aníos i ré eile - I	8
Club Staire	8
Teileascóp Hubble - 25 bliana	9
Crosfhocal & Cuardach focal	10
Beirt Bhéarlóirí	11
Tréanna	11
Amhrán an Ghailgeora Mhóir	12
Oíche Shamhna - Oíche an Uafáis!	12



AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

Ná labhair faoi ach déan é

IMLEABHAR 2 EAGRÁN 5 MEÁN/DEIREADH FÓMHAIR -

OIREACHTAS NA SAMHNA 2015

Beidh Oireachtas na Samhna ar siúl i mbliana in Óstán Citywest, Teach Sagard, Co Áth Cliath. Beidh sé ar siúl ón gCéadaoin, 28 Deireadh Fómhair go dtí an Domhnach, 1 Samhain. Beidh imeachtaí ar siúl do gach duine, idir óg agus aosta. Beidh ceol, amhránaíocht, damhsa, seisiúin dreas cainte, scéalaíocht, agallamh beirte agus lúbíní mar is gnáth. Beidh comórtais ar siúl don phíb uilleann, don veidhlín, don chláirseach/cruit agus don cheol beirte. Beidh ceolchoirmeacha ó *Seo Linn* agus ó *Na Casaidigh*.

Beidh rannóg nua i mbliana do pháistí faoi 9 mbliana d'aois sna rannóga Amhránaíochta ar an Sean-Nós, Rince Aonair ar an Sean-Nós agus san Aithriseoireacht. Tá béim ar an teaghlach Gaelach freisin le Scléip na hÓige, An Seomra Teaghlaigh, Ócáidí do Theaghlaigh, Club Fhéile na nÓg agus cruinniú oscailte faoi "*Tógáil clainne le Gaeilge*".

Chomh maith leis an gceol, leis an damhsa agus leis an amhránaíocht beidh imeachtaí eile a spreagfaidh suim i ndaoine - díospóireachtaí, cluichí boird ([Scrabble](#), [Monopoly](#)), Club Grinn GaelGáirí, An Cabaret Craiceáilte. Beidh drámaí le feiceáil mar "*Séanadh*", "*Stiofán Óg Dedalus*", "*Deirfiúr Jane Deifir*", "*Idir dhá cheann na hImní*" agus "*Smidriní*". Beidh seoltaí leabhar (m.sh. "*An Blascaod trí fhuinneog na scoile*"), agus seoltaí dlúthdhioscaí ("*Fuaim an Chiúnais*", "*An Mhaighdean Mhara*", "*Amhráin as Árainn agus as Conamara*"). Beidh seisiúin faoin teanga, mar shampla cuir i láthair faoi úsáid na bhfoclóirí ar líne ([téarma.ie](#) agus [teanglann.ie](#)) agus caint faoi *Abair*, an sintéiseoir Gaeilge atá in ann an teanga a léamh sna trí chanúint agus seoladh oifigiúil Thionscadail Foclóireachta Fhoras na Gaeilge.

Beidh Raidió na Gaeltachta agus TG4 ag craoladh ón Oireachtas. Mar sin mura feidir leat bheith i láthair gach lá, bí ag éisteacht leis na cláir éagsúla a bheidh ar siúl ar na meáin gach lá den fhéile, nó bí ag féachaint orthu.



Stiofán Ó hAoláin ón taobh ó thuaidh a bheidh ag canadh ag an Oireachtas

CEAIGHT BEAG GAELIGE: AN tALT AGUS AN IOLRA -TUISEAL AINMNEACH



Nuair atá an t-ainmfhocal san iolra (**plural**) úsáidtear “na” roimhe:

Má thosaíonn an t-ainmfhocal le consan ní athraítear é, i.e. ní chuirtear séimhiú air. Ní dhéanann sé aon difríocht más ainmfhocal firinscneach nó baininscneach é.

Firinscneach: na bainisteoirí (**the managers**)

Baininscneach: na fuinneoga (**the windows**)

Má thosaíonn an t-ainmfhocal (firinscneach nó baininscneach) le guta cuirtear “h” roimhe. **Ní chuirtear fleiscín (hyphen) roimh an ghuta.**

firinscneach: na **h**easpaig (**the bishops**)

baininscneach: na **h**irisí (**the magazines**)



Τριύρ Σάγαρτ

Deasmhumhan Mac Gearailt

Triúr sagart a bhí ag dul go Meiriceá chun coicís a chaitheamh ag imirt gailf atá sa scéal seo. Roinnt blianta roimhe sin bhí siad ann cheana agus iad ag labhairt le galfairí Meiriceánacha ar fhaiche an ghailf: is í ceist a cuireadh orthu ná cad iad na slite beatha a bhí acu agus an uair go ndúirt siad gur sagairt iad nár chuir na galfairí eile an-suim sna deacrachtaí a bhí i saol sagairt gan mná ná páistí agus bhíodar triúr bréan de na ceisteanna sin. Agus na scéalta a chloiseann na sagairt ó dhaoine i mbosca na faoistine! Is ea, bhí ceisteanna fúthu sin freisin.



Ar an eitleán go Meiriceá bhíodar ag smaoineamh ar an bhfadhb sin agus dúirt beirt acu nach mbeadh siad chun a rá gur sagairt iad ar chor ar bith. Ach dúirt an treas duine: “Toisc gur sagairt muid, ní cheart dúinn aon bhréag a rá, sin peaca a rinne Naomh Peadar faoi thrí sular ghlaigh an coileach faoi thrí”. Is ea bhí siad triúr i bponc, agus faitíos orthu go mbeidís ag éisteacht leis an gcoileach ar fhaiche an ghailf. Agus peaca a bheadh déanta againn, bheadh sé i bhfad ní ba mheasa ná peaca Pheadair toisc ár bpeaca a bheith réamhbheartaithe againn. Muidne atá in ainm a bheith ag stiúradh daoine ó *thinte ifreanda*.”

Ach bhí fuascailt na faidhbe acu agus an t-eitleán ag teacht i dtír i Meiriceá. Agus ar fhaiche an ghailf an lá ar n-a bhárach, nár d’inis siad an fhírinne, gach duine díobh. “Is in *árachas tine* a bhím ag obair.” Agus ní raibh suim ag aon ghalfaire eile i ndeacrachtaí an tsaoil a bhíonn ag an duine a dhíolann *árachas*.

Nóta: *lá iar n-a bhárach* a scríobhann daoine eile in ionad *lá ar n- a bhárach*. I *bhForas Feasa ar Éirinn* léitear *lá iar n-a báraç*. Sa Bhreatnais nach bhfuil an focal *bore* .i. *maidin* acu? Tá. Agus tá mé ag ceapadh gurb ionann iad *bore* na Breatnaise agus *báraç* na Gaeilge. Deir Dinneen ina fhoclóir faoin bhfocal “*báraç*” nach bhfuil aon sampla den fhocal sin gan mb.. nó ß (bh..). Is amhlaidh mar sin go bhfuil sé ag rá nach ndeirtear *oíche ar n-a bárach* = *oidce iar n-a báraç* = “*night after her morrow*” [oíche *being feminine*], *since that night is actually the night after the day after a báraç* = *his dawn, there being always a day* [“*lá*” a *masculine noun*] *intervening twixt “a báraç “ (“his dawn”) and the following oíche*. Ach céard atá mícheart leis an bhfocal *amárach*? Bhuel, is fíor go bhfuil an focal sin le fáil i bhfoclóir Dinneen “*Amáraç* = *i mbáraç* / *i mbáireaç* *See báraç*”.

It seems that Dinneen considered *amáraç* as not as acceptable as *i mbáraç*.

LÁ IDIRNÁISIÚNTA NA PÍOBAIREACHTA UILLEANN

Ar an Satharn, 17 Meán Fómhair bhí léachtaí agus taispeántais agus seisiúin cheoil in Éirinn agus thar lear a bhí eagraithe ag Na Píobairí Uilleann (NPU) chun Séú Lá Idirnáisiúnta na Píobaireachta Uilleann a cheiliúradh. Bunaíodh NPU i 1968 nuair a bhí ní ba lú ná céad píobaire uilleann fágtha. Anois tá na mílte ann. Tá an NPU lonnaithe i 15 Sráid Henrietta i mBaile Átha Cliath. Cuireann siad ranganna ar siúl chun scil na píobaireachta a mhúineadh d'aon duine, óg nó aosta, a bhfuil spéis aige san uirlis. Tá iris, *An Píobaire*, á foilsiú acu ó 1969 ar aghaidh agus déanann siad taifeadtaí freisin. Chuir siad cúrsa “píobcheardaíocht” (**pipecraft**) ar bun chun go mbeadh ceardaithe ann chun na píoba uilleann a dhéanamh. Tá NPU ag iarraidh suíomh 16 Sráid Henrietta a fhorbairt mar Ionad Idirnáisiúnta a bheidh amharclann, saoráid (**facility**) oiliúna, iarsmalann agus cartlann ann. Tabhair cuairt ar a suíomh idirlín ag <http://pipers.ie/>. Is trua nach suíomh dátheangach é.



SCÉAL GRINN NA MÍOSA

Bhí dhá vaimpír ina gcónaí i bpluais. Ní raibh neach beo sa cheantar máguaird agus, mar sin, bhí siad stiúgtha leis an ocras. Dúirt ialtóg amháin leis an cheann eile: *“Níl seans dá laghad again teacht ar bhia sa chomharsanacht seo. Caithfimid cuardach bia a dhéanamh níos faide amach. Eitleoidh mise ó thuaidh agus eitleoidh tusa ó dheas agus fillfimid ar ais go dtí an phluais seo faoi cheann seacht n-uaire an chloig.”*



D'eitil an chéad ialtóg ó thuaidh, chuardaigh sé an timpeallacht, ach theip air teacht ar aon bhia. Mar sin d'fhill sé ar an phluais. Leath-uair ina dhiaidh sin tháinig an ialtóg eile isteach agus chonaic an chead ialtóg go raibh fuil ag sileadh óna bhéal. D'éirigh sé an-tógtha agus an-chorraithe.

“Bhí tú ag ithe. Bhí tú ag ithe. Cá bhfuair tú an bia?” a d'fhiafraigh sé, *“Taispeáin dom, taispeáin dom”*.

“Lean orm”, a d'fhreagair an ialtóg eile go cancrach.

D'eitil siad ar fad cúpla uair. Ansin stad an dara ialtóg go tobann. Chuir sé ceist ar a chomrádaí.

“An bhfeiceann tú na cáblaí cumhachta lastuas ag síneadh idir na píolóin sin?”

“Feicim iad,” a d'fhreagair an ialtóg eile.

“Bhuel, ní fhaca mise iad go dtí gur bhuail mé iad”!



Foclóirín

vaimpír - **vampire/vampire bat**; ina gcónaí - **living**; pluais - **cave**;
 neach beo - **living thing**; ceantar - **country-side**;
 máguaird - **surrounding**; stiúgtha leis an ocras - **ravenously hungry**; ialtóg - **bat**;
 ceann eile - **other one**; seans dá laghad - **ghost of a chance**; caithfimid - **we will have to**;
 cuardach - **search**; níos faide amach - **farther afield**; eitleoidh - **will fly**;
 ó thuaidh - **northwards**; ó dheas - **southwards**; faoi cheann - **within**;
 timpeallacht - **surroundings**; theip air - **he failed**; fuil ag sileadh - **blood dripping**;
 an-tógtha - **very excited**; an-chorraithe - **very agitated**; taispeáin dom - **show me**;
 lean orm - **follow me**; go cancrach - **grumpily**; go tobann - **suddenly**; comrádaí - **companion**;
 cáblaí cumhachta lastuas - **overhead power cables**; na píolóin - **the pylons**;



COMÓRADH SHOCHRAID UÍ DHONNABHÁIN ROSA

Pádraig Mac Éil

Beidh Comóradh Céad Bliain Éirí Amach na Cásca againn an bhliain seo chugainn. Nuair a sheol an Rialtas a phleananna don bhliain den chéad uair chuir sé déistin ar chuid den phobal. Cheap na soinicí (**cynics**) nach raibh Fine Gael ná Páirtí an Lucht Oibre i ndáiríre faoin gComóradh agus go raibh siad á dhéanamh chun nach mbeadh bearna ann a líonfadh Sinn Féin. Bhí an dara seoladh i bhfad níos fearr agus foilsíodh leabhrán, “1916 2016 Clár Comórtha Céad Bliain”. Is féidir níos mó eolais a fháil faoi na himeachtaí éagsúla ach dul chuig www.ireland.ie. Tá tagairt do sheacht snáithe sa chlár: Searmanais Stáit, Machnamh ar an Stair, An Teanga Bheo, An Óige agus an tSamhlaíocht, Léiriú Cultúrtha, Rannpháirtíocht Phobail agus Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra. Tá 31 Chlár Contae d’Éire 2016 le fáil ar an suíomh idirlín freisin.

Thosaigh na searmanais Stáit ar 1 Lúnasa le comóradh Stáit ar shochraid Uí Dhonnabháin Rosa i Reilig Ghlas Naíon, Fuair mé ticéad don ócáid agus bhí mé ann go moch. Bhíomar taobh istigh de ráillí na reilige ach ní rabhamar in ann uaigh Uí Dhonnabháin a fheiceáil ach amháin ar na scáileáin a bhí cóngarach dúinn. Bhí an tArm taobh amuigh den reilig, droma na saighdiúirí os ár gcomhair. Ba dheacair bheith bainteach den ócáid. Cheap duine a bhí i m’aice go raibh an searmanas maorga (**dignified**). Cheap mise go raibh sé “fuar” agus scartha ón ngnáthphobal. Shocraigh mé fanacht san áit ina raibh mé chun go sroichfeadh mórshiúl Shinn Féin ó Halla na Cathrach an reilig. B’fhiú an feitheamh fada é. Tháinig an cóiste marbh (**hearse**) isteach sa reilig agus na daoine á leanúint. Bhí cuid acu ar mhuintir capaill, cuid acu gléasta mar Óglaigh na hÉireann tréimhse 1915, nó mar bhaill den Arm Cathartha (**Citizen Army**), mar bhaill de Chumann na mBan nó mar ghnáthshibhialtaigh 1916. Chan buíon de na “hÓglaigh” (ón Cabrach, ceapaim) “*The Foggy Dew*” ag uaigh Uí Dhonnabháin Rosa agus, ag deireadh an tsearmanais agus iad ag tabhairt deise do dhaoine grianghraif díobh a fháil thosaigh siad ag canadh, dá ndeoin féin (**spontaneously**), “Óró ‘sé do bheatha abhaile”.

Dar liom, ar aon nós, bhí braistintí agus mothúcháin (**feelings and emotions**) ag baint leis an dara searmanas nach raibh le fáil i searmanas an Rialtais. Bhí baint níos mó ag an slua a bhí ann leis na himeachtaí. Cruthaíodh nasc le tréimhse na Réabhlóide. Ceapaim gur bhlas mé spiorad Lúnasa 1915 agus liricí an Phiarsaigh i mo chluasa.

Tá eagla ar an Rialtas mothúcháin a spreagadh leis na cuimhneacháin i 2016 ach is rud mothúcháinach é aiséirí náisiúin. Ba as an ngrá don tír, don teanga, don tsaoirse agus don neamhspleáchas a tháinig Éirí Amach na Cásca 1916.



TOM CREAN—LAOCH AN MHOIL THEAS II Muireann Conway

D'fhág na fir slán lena chéile agus thosaigh an triúr ar an turas fada ar ais agus a gcuid cairr shleamhnáin sneachta (**snow sledge**) á tharraingt acu. Níor cheap aon duine gurb é seo an uair dheireannach go bhfeicfeadh siad Robert Scott ina bheatha. Ní raibh fhios acu go mbuafadh Roald Amundsen ón Iorua (**Norway**) an rás go dtí an Mol Theas. Ach sin scéal eile do lá eile. Leanaimis Tom Crean agus é ag fillleadh go buartha ar an mbunchampa (**basecamp**) agus diomá an domhain air nach raibh sé chun an Mol Theas a bhaint amach.



Bhí an turas ar ais fíor dheacair ar Tom agus ar a bheirt chompánach. Obair an-chrua é carr sleamhnáin a tharraingt ar sneachta. Chuaigh siad ar seachrán (**lost their way**) ar an gconair (**trail**) ar ais go dtí Oighearshruth (**Glacier**) Beardmore. Bhí orthu dul ar mhalairt slí (**detour**) fhada timpeall oigheareasa (**icefall**). Bhí an soláthar bia (**food supply**) ag éirí gann (**scarce**) agus mar sin shochraigh siad an carr sleamhnáin a shleamhnú agus gan é faoi smacht, 600 m (2,000 tr) síos an oigheareas. Aistear scáfar (**hair-raising**) a bhí acu agus iad ag iarraidh na creabháis (**crevasses**) a sheachaint (**avoid**). Bhain Evans a ghloiní cosanta (**protective goggles**) de agus bhuaíl daile sneachta (**snow blindness**) é. Ach d'éirigh leo an t-iosta (**depot**) a shroichint. Ansin ní ba dhéanaí tháinig an scorbach (**scurvy**) ar Evans. B'éigean don bheirt eile é a chur ar an gearr sleamhnáin agus a tharraingt ina ndiaidh. Rinneadar é seo ar feadh **sé seachtaine**. Bhí Evans ag éirí ní ba laige in aghaidh an lae. Nuair nach raibh ach **35 mhíle** fágtha den aistear thuig siad nach sroicfeadh siad an bunchampa go deo toisc go raibh siad ag taisteal chomh mall sin.




Dúirt Tom Crean gurb é an t-aon seans a bhí acu teacht slán ná é féin a dul ar aghaidh go dtí an bunchampa ina aonar chun cúnamh a fháil don bheirt eile. D'imigh sé agus gan aige le hithe ach **trí bhriosca agus dhá phíosca seacláide**. Is fada an turas a bhí le siúl aige, 35 mhíle, ach nuair a bhíonn tú i d'aonar, ocras ort, agus tú tuirseach. ... Iontas na niontas d'éirigh le Tom an bunchampa a bhaint amach (**reach**). Chuaigh grúpa amach ag cuartú na beirte eile láithreach. Tháinig siad chomh fada le Bill Lashly agus Teddy Evans agus thug siad ar **ais slán sabháilte** (**safely**) iad. Bhronn Rí Shasana bonn speisialta ar Tom Crean de bharr a chuid crógachta.

Ceann des na fáthanna gur imigh 20 duine go dtí an tAntartach le déanaí ná chun omós a thabhairt do na laocha cróga mar Tom Crean a bhí ann céad bliain ó shin nó mar sin. Níl sa scéal seo ach ceann amháin dá eachtraí agus dá ghaiscí. Taispeánann an scéal seo crógacht Tom Crean.

Féach: *Tom Crean - Fear san Oighear* le Michael Smith chun tuilleadh a léamh faoin fhear agus faoina shaol.

D'fhoilsigh Collins leabhar i nGaeilge i 2009 faoi shaol agus faoi eachtraí Thom Crean. Tá 118 leathanach ann. Má tá suim agat sa bhfear ceannaigh é agus léigh é.





TEAMPALL ARTAIMISE AG ÉIFEASAS

Pádraig Mac Éil

Bhí Teampall Artaimise (leathchúpla Apalló) suite in Eifeasas (cóngarach do Selçuk sa Tuirc an lá atá inniu ann). Atógadh é ina iomláine ar a laghad trí huair sular loiteadh é i 401 AD. Níl



fágtha anois ach an bhunsraith ([foundation](#)) agus bloghanna ([fragments](#)) dealbhóireachta. Bhí neimheadh ([sanctuary](#)) san áit san Aois Chré-umha a bhunaigh na hAmasónaigh de réir Callimachus. Loiteadh tuile ([flood](#)) an chéad teampall sa seachtú haois roimh Chríost. D'íoc Créasas ó Lidia (ardtiarna Eifeasais) as tógáil teampaill nua i 555 RC. Ba é Chersiphron ón Chréit an t-aitire. Deirtear gur loiteadh an teampall seo i 356 BC nuair a chuir Herostratus taobhain adhmaid ([wooden beams](#)) an dín trí thine. Bhí sé ar thóir chlu agus toilteanach an teampall a loiteadh chun é sin a fháil. Mharaigh na hEifeasaigh é, agus rinne siad iarracht a ainm a dhíbirt ón stair ach rinne Theopompus tagairt dó agus mar sin tá a ainm againn fós.

Thosaigh obair tógála ar an tríú teampaill (An Teampall Mór) i 323 BC (aitire Scopas). Bhí sé níos mó ná an dara ceann, 130 m (425 tr) ar fhad, 69 m (225 tr) ar leithead agus 18 m (60 tr) ar airde le níos mó ná 127 gcolún (de réir Plinias Mór). Níl an Acrapoil i gCathair na hAithne ach 230 tr ar fhad agus 100 tr ar leithead le 58 gcolún. Deirtear gurbh é an chéad teampall Gréagach a bhí déanta as marmar. Bhí líne dúbailte de cholúin, a rinne pasáiste deasghnáthach ([ceremonial](#)) timpeall an sanctóra ([sanctuary](#)) ina raibh íomhá den bhandia cultais ([cult goddess](#)). Bhí snoíodóireacht rilífe ([relief carvings](#)) a rinne Scopas ar 36 de na colúin seo. Bhí an teampall maisithe le dealbha (cuid acu d'Amasónaigh) de chuid dealbhóirí cáiliúla na Gréige chomh maith le múrealáin ([wall painting](#)) agus colúin óraithe ([gilded](#)). Luaigh Antapataer ó Siodón an teampall seo mar cheann d'Iontais an Domhain : *“nuair a chonaic mé teach Artaimise ag síniú suas sna scamail chail na hIontais eile a niamhracht (brilliance) agus dúirt mé “Níor fhéach an ghrian ar rud chomh hard ach amháin ar Oilimpeas”*



I 268 AD rinne na Gotaigh ionsaí ar Eifeasas agus chuir siad an teampall faoi thine. Dhún an tImpire Teodaisias Mór é i 391 AD agus, le gríosú ó Naomh Eoin Criosastam, scrois slua Chríostaithe i 401AD go hiomlán é. Úsáideadh roinnt de na colúin sa Hagia Sophia in Iostanbúl. Tháinig an



seandálaí John Woods ar shuíomh an Teampaill i 1869 tar éis chuardach 6 bliana agus rinne David Hogart tuilleadh tochairte i 1904-1906. Tá na rudaí a dtáinig siad orthu, ó Theampaill Chréasais, in Iarsmalann na Breataine.



Bandia na Seilge ab ea Artaimis (Díána) sa chuid eile den Ghréig. Bandia torthúlachta ab ea Artaimis na hEifeasaigh. Cheap daoine go raibh a dealbh feistithe lena lán cíocha nó uibheacha óna gualainn go dtí a coim. I 1988 thángthas ar phíosáí ómra ([amber](#)) ar chruth ghuird ([gourd](#)) i mbunsraith an chéad teampaill agus ceaptar anois gurb iad atá leirithe ar an dealbh mar shaghas seodra ([jewellery](#)). Tá dealbh Artaimise níos cosúla le cinn ón Éigipt agus ón Neasoirthear ([near East](#)). Bhí íochtar chorp an Bhandia i bhfoirm colúin (ar a raibh rólífí d'ainmhithe éagsúla) a bhí ag barrchaolú ([tapering](#)) go dtí a cosa a bhí ag gobadh amach.

MÁIRE TÚDAR

Seán Ó Mathúna

Cé gurbh í Máire 1 an chéad bhanríon ar Shasana (ar an gcoróin ó 3/8/1553 go dtí 17/11/1558) ba í an monarc Sasanach ba mhó fuathaithe (**hated**) riamh. Tugtar an leasainm “Máire Fola” (“**Bloody Mary**”) uirthi toisc gur loisc sí 283 mairtíreach protastúnach ag an stáca - go mór mór toisc nár chreid siad i dtras-substantiú (**trans-substantiation**) na habhlainne (**altar bread**) le linn coisreacain (**consecration**) an Aifrinn. I measc na ndaoine seo bhí 56 bhean, an chuid is mó acu óg agus neamhliteartha agus cuid acu torrach (**pregnant**) chomh maith. Dícheannaigh Máire an bhantiarna Sinéad de Grae (SdeG) (**Lady Jane Grey**) freisin cé nach raibh Sinéad ach 17 mbliana d’aois toisc go raibh athair Shinéad páirteach in éirí amach i gcoinne phósadh Mháire le Pilib na Spáinne.



Ba chaitliceach dílis í Máire agus bhí sí ina príosúnach ag a athair ón mbliain 1533 go dtí bás Anraí i 1547 toisc nach raibh sí toilteanach Anraí a aithniú mar cheannaire na heaglaise i Sasana. Dhearbhaigh Anraoí freisin gur pháiste neamhdhlisteanach (**illegitimate**) í Mháire tar éis neamhniú (**annulment**) a phósta le máthair Mháire, Cairtriona Aragon, sa bhliain 1533. Bhí an galar sífilis ón mbroinn (**congenital**) ag Máire de bharr mhí-iompair a hathar. Níor thug Anraí cead di leigheas a fháil ón dochtuir toisc nár réitigh Máire lena thuairimí spioradálta.

Tháinig Máire ar an bhfód mar Bhanríon beagnach tar éis bhás a leath dhearthár Éadbhard VI (bhí SdG i dteideal an choróin ar feadh 9 lá). Chuir an Pápa an Cairdinéal Ránall Pole mar cheannaire ar an Eaglais Shasanach agus mar chomhairleoir do Mháire ón mbliain 1554 go dtí a bhás. I ndáiríre ba é an Cairdinéal Pole a bhí i gceannas na tíre le linn na ceithre bliana mar ní raibh Máire in ann cinntí (**decisions**) a dhéanamh agus bhí Sasana beagnach ina dhialathas (**theocracy**) san am sin.



Cáirdinéal Ránall Pole

Tháinig fonn mór ar Mháire go mbeadh comharba i dteideal (**successor of title**) aici agus cé go raibh sí ag druidim le 40 bliain d’aois agus i gcoinne thoil an ríomhairle (**Privy Council**) phós sí Pilib, mac Rí na Spáinne, a bhí 11 bhliain ní ba óige. Ní raibh mórán foinn ar Philip caidreamh collaí a chleachtadh le Máire – bhí suim aige Sasana a mhealladh isteach i gcogadh i gcoinne na Fraince - rud a d’éirigh leis a bhaint amach sa bhliain 1557. Go luath tar éis an phósta cheap Máire go raibh sí torrach agus bhí sí á fhógairt agus ag ullmhú le haghaidh breith clainne. Bhí a fear chéile imithe thar lear ag an am seo. Ach faraoir ní raibh aon leanbh ann mar bhí an meabhairghalar bréag-thoircheas (**false pregnancy**) uirthi.

I 1558 bhí Máire an-bhreoite toisc gur cheap sí arís go raibh sí torrach (rud nach raibh fíor) agus toisc gur chaill na Sasanaigh port Calais, a sealúchas (**possession**) deireanach sa Fhrainc, rud a bhris a croí. Fuair sí féin agus an Cairdinéal Pole bás ar an lá céanna, 17 Samhain 1558. Bhí ceiliúradh mór ann de bharr bhás na beirte agus tháinig a deirfiúr Eilís chun chumhachta agus ansin thosaigh an chos ar bolg ar na gcaitliceach i Sasana agus in Éirinn.

An ndearna Máire aon rud dearfach sna 5 bliana ina a raibh sí ina banríon? Deirtear go bhfuil an stair ró-dian ar Mháire agus nach n-admhaítear an saol crua a thug Anraí di. De réir staraithe reibhiseanacha (**revisionist**) (an tOllamh Éamonn Ó Dufaigh, “*Fires of Faith*”, 2009) is féidir creidiúnt a thabhairt do Mháire as frith-reifeirméisean a thosú i Sasana.

AG FÁS ANÍOS I RÉ EILE - I

Antóin Ó Seaghdha

Nuair a bhíos ag fás aníos, bhí saol an-difriúil ná mar atá agam anois i mBaile Átha Cliath. Ag an am sin bhíos i mo chónaí ar fheirm bheag i gCiarraí thuaidh in aice le Lios Tuathail. Bhí



m'athair ag obair sa Bhreatain agus mar sin bhí go leor oibre le déanamh agam gach lá. Tá sé deacair a chreidiúint anois ach ní raibh aibhléis againn sa teach, ní raibh uisce sa teach agus ní raibh aon leithreas sa teach. Bhí ceann tuí ar an teach, a thug teocht dheas ar feadh na bliana. Caithfear a rá go raibh an teach feirme sin cosúil le gach aon teach eile sa pharóiste. Nuair a chloiseann tú an scéal seo den céad uair, b'fhéidir go sílfeá go raibh go leor bochtaineachta san áit, ach níl sé sin fíor in aon chor. Ní raibh mórán saibhris ann ach bhí gach clann cosúil le gach clann eile agus mar sin níor cheap daoine go rabhadar bocht. Bhí ar dhaoine cabhair a thabhairt lena gcomharsa toisc gur bhraith siad ar a gcuid comharsan do chúnamh ag treabhadh, ag sábháil an fhéir nó ag tabhairt ainmhithe don aonach.

I mo theach cónaithe, bhí lampaí ola crochadh ar na ballaí chun solas a thabhairt dúinn san oíche. Bhí tine mhór oscailte againn sa chistin agus dhéantaí an chócaireacht go léir ar an tine sin - arán a bhácáil, béilí a dhéanamh agus, ar ndóigh, teas a tabhairt don teach. Bhí orainn an t-uisce a tharraingt i mbuicéid ó thobar a bhí timpeall leath mhíle ar shiúil. Shaothraigh muid féin ár bprátaí agus ár nglasraí agus mar sin ní raibh aon ní orainn chun dul go dtí an baile mór ach uair sa mhí chun tae, siúcra agus plúr a cheannach. Dhéantaí an t-im sa bhaile nó anois is arís, cheannóimis ag an uachtarlann é. Bhíomar féinleoga (**self-sufficient**), ach ní raibh fhios againn ar an bhfocal ag an uair sin. Maidir leis an tine, bhainimis móin gach bliain inár bportach. Ba obair chrua í sin, ní amháin baint na móna ach í a iompar le lámha chun í a thriomú, **criocóigi** a dhéanamh di sa phortach agus tarraingt na móna amach as an bportach leis an asal agus cairt. Mar a dúirt mé, bhí an obair go dian ach bhí an chraic go maith sa phortach nuair a bhíomar inár ndéagóirí, agus muid ag caitheamh toitíní den chéad uair agus ag baint triail as buidéal beorach nó dhó.

Sa samhradh, go háirithe i mí Iúil, bhíodh orainn an féar a shábháil mar bhia do na hainmhithe sa gheimhreadh. Ní raibh mórán inneall ann chun an obair a dhéanamh agus mar sin bhíodh go leor daoine sna móinéir ag obair le chéile. Meitheal a thugtar ar ghrúpa mar sin. Bhíodh comhrá agus spraoi le cloisteáil ó gach cúinne den pháirc agus ag deireadh an lae, bhíodh tuirse ar gach duine tar éis lá fada a chaitheamh ag obair ach bhíodh gach duine sásta leis féin mar gur dhéanadh sé obair mhaith.

CLUB STAIRE

An bhfuil suim agat sa Stair - stair na hÉireann, stair an Domhain, stair do cheantair féin nó fiú stair an tábhairne ina mbíonn tú ag ól? Tá sé soiléir ón iris seo go bhfuil suim ag an eagarthóir sa stair, b'fhéidir an-iomarca suime! Tá Tadhg Ó Cruadhlaoidh tar éis Club Staire a bhunú do Ghaelgeoirí. Beidh a lán de stair na hÉireann le plé an bhliain seo chugainn agus comóradh chéad bhliain Éirí Amach na Cásca ar siúl. Má tá fonn ort bheith páirteach sa chlub seo cuir ríomhphost chuig Tadhg ag tadhgocc@yahoo.ie. Ní bheidh ann i dtús ach cruinniú gach dara mhí. Tá Tadhg ag iarraidh raon na n-imeachtaí Gaelacha a leathnú. Bí linn!





TEILEASCÓP HUBBLE - 25 BLIANA

Pádraig Mac Éil

I 1923 mhol an t-eolaí Gearmánach, Hermann Oberth, teileascóp a chur chun spáis ar roicéad. I 1946 mhol Lyman Spitzer Jr, réaltfhisiceoir Meiriceánach spásréaltlann ([space observatory](#)). Thosaigh Riarachán Aerloingseoireachta Náisiúnta agus Spáis (RANS; [National Aeronautics and Space Administration, NASA](#)) ag obair ar Thionscnamh an Teileascóip Mhóir i 1969. Thug Comhdháil ([Congress](#)) na Stát Aontaithe cistiú ([funding](#)) don tionscnamh i 1974 agus faoi 1975 bhí an Ghníomhaireacht Spáis Eorpach ag obair leo. Ainmníodh an teileascóp *Hubble* in onóir Edwin Hubble a thaispeáin gur réaltraí ([galaxies](#)) eile iad na paistí doiléire solais a bhí le feiceáil sa spéir san oíche.



Lainseáladh an Teileascóp *Hubble* ar bord an spástointeálaí ([spaceshuttle](#)) *Discovery* 24 Aibreán 1990. Téann *Hubble* timpeall an Domhain uair amháin gach 97 nóiméad ar luas 5 mhíle/soicind, 8 km/s. Is frithchaiteoir ([reflector](#)) Cassegrain é *Hubble*. Buaileann solas an phríomhscáthán agus



frithchaitheann seo é go dtí scáthán tánaisteach ([secondary](#)) agus ó shin go dtí na gléasanna eolaíochta. Toisc go bhfuil sé os cionn an atmaisféir (343 míle/ 552 km ón dromchla) is féidir leis radharc i bhfad níos fearr a fháil ar an gCruinne ([universe](#)) i gcomparáid leis na teileascóip atá ar dhromchla an Domhain. Tá *Hubble* ar cheann de na misin b'fhaide agus ba rathúla de chuid RANS. Ach ní mar sin a bhí sé tamall tar éis a lainseála. Nuair a baineadh triail as an teileascóp den chéad uair bhí fadhb leis an gcóras optúil ([optical system](#)). Bhí na grianghraif geamhaithe ([blurred](#)). Bhí fadhb i bpríomh-scáthán *Hubble*, iomrall sféarúil ([spherical aberration](#)), toisc nach raibh a chruth i gceart. Tar éis babhta smaointeoireachta tháinig na heolaithe ar réiteach. Rinne siad gléas nua ina raibh mionscátháin a bhaileodh an solas ón phríomhscáthán agus a cheartódh é sula chuirfeadh ar aghaidh go dtí na gléasanna eolaíochta é.



I 1993 lainseáladh an spástointeálaí *Endeavour* ar mhisean 11 lá chun athchóiriú a dhéanamh ar *Hubble*. Rinne na spásairí ([astronauts](#)) cúig shiúlóid spáis chun é a dheisiú. Chuir siad gléas speisialta nua isteach i *Hubble* a cheartaigh an fhadhb leis na hoptaic. Bhí taifeach ([resolution](#)) na híomhánna a fuair siad ó *Hubble* ina dhiaidh sin thar bharr. Deisíodh agus uasghrádaíodh ([upgraded](#)) *Hubble* i 1997, i 1999, i 2002 agus i 2009. Cuireadh isteach gléasanna nua in áit na sean cinn agus leathnaigh siad réimse radhairc ([field of view](#)) *Hubble* faoi dhó.


Le cabhair sonraí ó *Hubble* d'éirigh leis na heolaithe aois na cruinne a thomhas (13.8 billiún bliain), cuasáir ([quasars](#)) a aimsiú, agus teacht ar fhuinneamh dorcha ([dark energy](#)) - fórsa rúndiamhair ([mysterious](#)) a luathaíonn ([accelerates](#)) fairsingiú na cruinne ([expansion of the universe](#)). Ag deireadh a shaoil treoríodh RANS *Hubble* óna fhithis ([orbit](#)), tríd an atmaisféar agus isteach san aigéan. Deireadh brónach, ar shlí, don mheaisín eolaíochta ba rathúla riamh.




CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-17

TRASNA

SÍOS



















1	milk (6)	2	altar-bread (7)
5	metal (6)	3	nest (4)
10	a second time (7)	4	pullet (6)
11	secretive (7)	5	marble (6)
12	speed (4)	6	sigh (4)
13	whisper (5)	7	apple-tree (7)
15	direction (4)	8	malice (6)
17	near (3)	9	landing-net (6)
19	attention (6)	14	garden (7)
21	infirm (6)	16	weakness (5)
23	hare (7)	18	drop (5)
24	weed (6)	20	that (3)
26	purple (6)	21	kick (3)
29	smooth (3)	22	on him (3)
31	asthma (4)	24	child (6)
32	often (5)	25	effigy (7)
33	poison (4)	27	gelding (7)
36	canteen (7)	28	refreezing (6)
37	shearer (7)	30	zero (6)
38	red (3)	34	paste (4)
39	tasty (6)	35	stain (4)
40	salt (6)		



CUARDACH FOCAL 17

uirli sí ceoil 2/ musical instruments 2

A	B	U	A	T	R	O	M	B	Ó	N	É	A	D	O
S	D	R	U	M	A	Í	C	L	R	N	Á	D	R	R
D	A	É	N	R	U	F	L	O	T	E	O	G	O	G
N	É	C	L	A	I	R	H	Í	R	M	Ú	B	R	N
Ú	N	Ú	S	F	Ó	C	H	H	D	N	A	G	R	O
S	R	N	G	A	L	M	C	D	V	I	Ó	L	A	E
A	I	Ó	L	A	F	I	L	I	G	S	A	B	D	F
C	O	N	G	R	O	Ó	Ú	L	Ú	N	Ú	A	I	A
S	C	Ú	I	M	B	A	L	I	Í	I	A	S	É	S
A	L	S	B	A	S	U	N	L	T	Ú	B	E	N	C
F	L	A	B	Ó	B	Ó	H	E	D	E	I	N	R	A
Ó	L	B	S	Ú	N	D	E	V	Ó	V	O	L	I	S
N	L	I	H	D	I	E	V	D	R	O	D	G	A	É
É	I	F	L	E	I	T	E	O	G	L	B	I	L	A
D	N	Ó	V	A	S	C	A	S	L	B	M	O	C	D

	basún (bassoon)		óbó (oboe)
	ciombal (cymbal)		orgán (organ)
	coirnéad (cornet)		sacsafón (saxophone)
	clairnéid (clarinet)		sreangdhruma (snare-drum)
	dordveidhil (cello)		tiúba (tuba)
	drumaí (drums)		trombón (trombone)
	flíuiteog (piccolo)		veidhlín (violin)
	flúgalchorn (flugelhorn)		vióla (viola)



BEIRT BHÉARLÓIRÍ *Nodlaig Ó Scurlog*

TRÉANNA (TRIADS)

Aon scéal a Phádraig?
 Níl, **dáirire**

Cad faoin turas sin go LA?
 Táim réidh, agus tusa?

Maith go leor is slad margadh é
 Ceithre lá an ea ?
 Sea

Beidh na poncánaigh ag **ráiméiseál** an t-am go léir;
 Cinnte ach as Béarla.
 Tá Gaeilge againn nach bhfuil ?

Tá sí agat ach táim as cleachtadh ó d'fhág mé an scoil
 Is féidir leat dul ar 'duolingo' agus beidh cumas cainte agat **le gairid**?

Cén fáth ; cad is ann domsa?
 Bheimis in ann caint ar airgead agus eile (an dtuigeann tú mé) gan eolas a thabhairt dos na poncánaigh

Maith go leor, tosóidh mé amárach.
 Gan mhaith. Caithfidh tú tosú díreach anois; beimid ag eitilt i gceann seachtaine
 Níl ann ach leath uair a chloig anois is arís
(aistrithe ón Bhéarla)

Trí nithe

A bhaineann le críne: saint, clúmh agus ingne (relating to old age: greed, hairiness and long nails);

Nach feidir leat a cheilt: tart, tochas agus ocras (you cannot hide: thirst, itch and hunger)

Gan rath gan ádh: airgead úis, cúr na gcárt agus gaolna gcnámh (without good fortune or luck: high interest rates, too much drink and inter-marriage between relatives);

Nach fiú iontaibh a bheith astu: lá breá geimhridh, sláinte sheandúine, focal duine uasail gan scríbhinn (are not to be trusted: a fine day in winter, the health of an aged person, and the word of a person of importance, unless in writing)

“200+ Tréanna” le Breandán ‘ac Gearailt, Coiscéim €7.50.

CROSFHOCAL BG XBG-16: RÉITEACH

	1	L	2	É	A	3	C	H	4	T		5	D	Ó	6	C	H	7	A	S			
8	S		A		O		É						I		L						9	B	
10	M	O	G	A	L	R	A					11	O	R	Á	I	S	T	E				
	O		A		L		D					S		R		T						A	
12	L	I	O	S			13	P	R	14	Ó	C	A			15	C	E	A	D			
	T		I			16	É			17	A	G	Ó			18	A					A	
19	A	I	N	N	I	20	S				21	Á				S	T	A	R	A		Í	
						22	M	I	A	N	A	C	H										
23	C	U	24	I	M	I	L				A			25	Í	L	I	26	Ú	I	27	L	
	A		A				Ú			28	A	C	29	U		Á					R	E	
30	B	O	R	B				31	A	M	H	R	A			32	O	S	N	A			
	H		G					33	C		A					34	C				C	C	
35	S	I	Ú	L	Ó	I	D							36	A	I	R	Í	O	C	H		
	A		I							37	Á	I	S			U				T		T	
								38	B	L	I	A	I	N			39	C	E	A	C	H	T

CUARDACH FOCAL 16: RÉITEACH

C	G	Ó	E	C	A	F	A	B	H	R	A	U	L	C
R	A	L	O	B	É	A	L	N	I	A	D	É	A	D
O	U	É	L	A	E	B	É	L	A	H	G	A	É	B
I	R	M	S	Ó	R	S	A	U	L	C	E	D	S	O
M	A	Ó	L	S	M	G	I	A	B	H	R	A	R	P
E	G	R	M	I	G	I	É	M	I	G	I	N	O	U
Á	H	C	R	Ú	M	I	S	Ú	I	A	L	N	L	
L	A	B	L	L	I	S	A	H	G	A	L	A	M	L
L	I	F	G	O	U	R	G	D	E	Á	O	C	L	Á
A	D	E	R	A	I	L	O	P	I	C	P	L	É	I
M	H	C	B	A	R	G	S	R	S	L	L	O	B	R
L	F	Á	L	H	R	A	E	G	R	U	A	I	G	S
O	D	O	É	L	R	B	F	A	Ó	S	R	E	O	N
E	E	M	A	I	A	M	U	I	N	E	Á	L	A	M
B	A	É	L	D	A	E	A	D	A	N	I	Ó	R	S

SEANFHOCAL

Cleachtadh a níos máistreacht.
 Practice makes mastery.



AMHRÁN AN GHAELGEORA MHÓIR

Bhí mise i ngrá le cailín tráth
 Cailín a bhris mo chroí
 An cailín ab áille ag siúl na sráide
 A leithéidí ní fhaca tú riamh
 Agus bheimís pósta agus sásta inniu
 Bheadh páistí ar fud an tí
 Ag gaeilgeoireacht ó dhubh go dubh
 Murach a cuid gramadaí.

Ó mura bhfuil an tuiséal ginideach agat
 Agus slacht ar do chuid 'h'-eannaí
 Níl suim dá laghad agam ionat
 Mar is cinnte go mbrisfidh tú mo chroí.
 Ach más gaeilgeoir snasta blasta thú
 Is má thuigeann tú cúrsaí gramadaí
 Tar trasna na páirce móire chugam
 Táim anseo i dtóin an tí.

Táim ag siúl an bhóthair uaignigh seo
 Le fada fada an lá
 Ag cuartú na mná gaelaí i ngach aon áit
 Ach faraor, níl sí le fáil
 Bean atá tugtha don tuiséal tabharthach
 Bean a thuigeann na díochlaontaí
 Bean a rachadh chun na leapan liom
 Le Graiméar na mBráithre Críostaí

Óra mura bhfuil an tuiséal ginideach agat
 Agus slacht ar do chuid 'h'-eannaí
 Níl suim dá laghad agam ionat
 Mar is cinnte go mbrisfidh tú mo chroí
 Ach más Gaeilgeoir snasta blasta thú
 Is má thuigeann tú cúrsaí gramadaí
 Tar trasna na sráide caoile chugam
 Táim anseo i dtóin an tí.

Mar sin más tú an cailín seo
 Is má tá tú i do shaineolaí
 Ar rangabháil na deacrachta
 Gan trácht ar na tréaniolraí
 Má bhaineann tú pléisiúr as na cosain chaola
 Más maith leat an briathar saor
 Tar liomsa a stóirín nó go n-éaloidh muid le
 chéile
 Ach ar dtús, scrúdú beag gramadaí.

Óra mura bhfuil an tuiséal ginideach agat
 Agus slacht ar do chuid 'h'-eannaí
 Níl suim dá laghad agam ionat
 Mar is cinnte go mbrisfidh tú mo chroí.
 Ach más Gaeilgeoir snasta blasta thú
 Is má thuigeann tú cúrsaí gramadaí
 Tar trasna na páirce móire chugam
 Tar trasna na sráide caoile chugam
 Tar trasna na leabharlainne ciúine chugam
 Tar trasna na farraige gairbhe chugam
 Tar trasna na carraige duibhe chugam
 Tar trasna na liomanáide báine chugam
 Táim anseo i dtóin an tí.

Bheimís pósta agus sásta inniu.
 Bheadh páistí ar fud an tí
 Ag gaeilgeoireacht ó dhubh go dubh
 Murach a cuid gramadaí.

**Tadhg Mac Dhonnagáin) [http://
 www.futafata.com/](http://www.futafata.com/)**
 [[http://www.futafata.com/
 SolasGorm.html#Amhran](http://www.futafata.com/SolasGorm.html#Amhran)]
 [[http://www.youtube.com/watch?
 v=0dOFOcKK0Lo](http://www.youtube.com/watch?v=0dOFOcKK0Lo)]

OÍCHE SHAMHNA - OÍCHE AN UAFÁIS!

Tá Oíche Shamhna ag teacht agus beidh ár smaointe ar chumhachta an diabhair ([the powers of darkness](#)) agus ar chréatúir na hOíche - na taibhsí ([ghosts](#)), na vaimpíirí ([vampires](#)), na púcaí ([hobgoblins](#)), na hamhailt ([ghouls](#)), na zombaithe ([zombies](#)), na seargáin ([mummies](#)), na conríochtaí ([werewolves](#)) agus araile. Taitníonn na scéalta linn a chuireann an croí ar crith ionainn. Fadó chualamar na scéalta scéiniúla cois tine ónár seantuismitheoirí. D'fheicimis ar na scannáin ó [Hammer](#) agus ó [Hollywood](#). Tá scannáin an lae inniu i bhfad níos fuilte agus níos crólinntí ([gory](#)) ach an mbraitheann an scéin ar an méid fola atá le feiceáil? Cad é an scéal is scéiniúla a léigh tú nó an scannán is scéiniúla a chonaic tú riamh? Scríobh alt faoi ceachtar acu agus seol chuig antaobhothuaidh2014@gmail.com